

[Ceoil]

Láithreoir:

Tá go dtí mí an Mheithimh ag RTÉ le freagra foirmeálta a thabhairt ar an gcáineadh atá déanta ag Oifig an Choimisinéara Teangan ar an gcraultóir náisiúnta. Deir Rónán Ó Domhnaill go bhfuil easnamh tromchúiseach sa líon cláracha teilifíse Gaeilge a chraolann's RTÉ. Foilsíodh tuarascáil bhliantúil an Choimisinéara inniu.

Tuairisceoir:

Dúirt Rónán Ó Domhnaill, an Coimisinéir Teanga, go bhfuil an t-imscrúdú a rinne a Oifig ar RTÉ ar cheann de na himscrúduithe is tábhachtaí atá déanta ag a Oifig ó bunaíodh í. Léiríodh san imscrúdú sin go bhfuil an craoltóir náisiúnta ag sárú an Achta Craolacháin maidir lena dhualgas i leith na Gaeilge. Tugadh le fios san imscrúdú nach bhfuil i gcláracha Gaeilge ach 0.7% de sceideal iomlán teilifíse RTÉ i 2017. Ón ocht déag míle sé chéad caoga's a seacht uair a' chloig de chláracha theilifíse a craoladh ar chainéal RTÉ sa mbliain 2017, ní raibh ach céad fiche's a trí uair a' chloig de chláracha Gaeilge i gceist.

De réir an Achta Craolacháin, tá sé de dhualgas ar RTÉ réimse cuimsitheach cláracha agus cláracha cúrsaí reatha a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. I ráiteas i mBéarla ar maidin dúirt RTÉ nach bhfuil na forbairtí nuálaíocha atá ar bun acu faoi scóip na tuarascála. Deir siad go bhfuil méadú leanúnach tagtha ar chaiteachas RTÉ ar ábhar Gaeilge ó os cionn fiche is a haon milliún euro i 2014 go os cionn fiche is a ceathrar milliún euro i 2017. Tá an Coimisinéara Teanga ag iarraidh ar RTÉ plean feidhmiúcháin a réiteach agus é a chur faoina bhráid taobh istigh de shé mí. Anuas air seo tá díomá léirithe ag an gCoimisinéir faoi gur eisigh RTÉ ráiteas faoin tuarascáil chuig na meáin i mBéarla agus nach raibh ráiteas ar fáil i nGaeilge go dtí níos deireanaí, cé go bhfuil scéim teanga aontaithe le RTÉ. Mar fhreagra ar seo dúirt RTÉ nach bhfuair siad an t-aistriúchán Gaeilge in am chun go mbeadh sé ar fáil leis an gceann Béarla.

D'iarr muid ar RTÉ urlabhraí le Gaeilge a chur ar fáil chun an tuarascáil a phlé ach ní raibh aon urlabhraí ar fáil. D'iarr muid freagra ar RTÉ ar na pointí a d'ardaigh an Coimisinéir sa tuarascáil. Deir RTÉ go bhfuil siad chun breathnú ar thorthaí na tuarascála agus go dtabharfaidh freagraí don Choimisinéir sna míonna amach romhainn.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4

Láithreoir:

Deir Cathaoirleach Chomhchoiste Oireachtais na Gaeilge, an Teachta Dála, Catherine Connolly, go dtabharfar cuireadh go Ardbhainistíocht RTÉ thíocht os a gcomhair aríst le tuarascáil an Choimisinéara Teanga a phlé. Deir an Teachta Dála Éamon Ó Cuív gur cheart cuid den airgead a thugann's an stát do RTÉ a choinneáil siar go dtí go mbeidh RTÉ ag comhlíonadh a ndualgas reachtúil.

Tuairisceoir:

Le dhá bhliain anuas tá ana-chuid taighde déanta ag an ndochtúir John Walsh fé úsáid na Gaelainne ar sheirbhísí uile raidió na tíre. Deir sé go bhfuil an t-imscrúdú a dhéan an Coimisinéir Teangan ana-shuntasach agus gur údar mór inní é go bhfuil na figiúirí athá nochtaithe chomh híseal.

An Dr. John Walsh:

Tá ról ar leith ag RTÉ i gcur chun cinn na Gaelainne agus tá dualgas reachtúil air mar atá ráite ag an gCoimisinéir, réimse cuimsitheach cláracha a chur ar fáil i nGaelainn. Ní féidir le RTÉ ná le haon chomhlacht poiblí eile neamhaird a dhéanamh ar an ndlí agus an dlí a shárú. Caithfear méadú suntasach a dhéanamh ar an réimse cláracha Gaelainne atá acu, fiú dá ndéanfaidís dúbailt ar na cláracha bheadh fós bheadh níos lú ná 2% acu.

Tuairisceoir:

Tá malairt tuairimí ag daoine eile.

Uinsionn Mac Dubhghaill:

Tá sé míréadúil a bheith a' súil go gceolfadh RTÉ réimse cuimsitheach clár teilifíse Gaeilge nuair a bunaíodh cainéal teilifíse eile chuige sin. B'fhearr i bhfad an t-airgead a chaitheamh ar TG4 ach dualgas sonrath reachtúil a leagann ar TG4 maidir le líon na gclárachaí aon-teangacha Gaeilge a chraolann siad. Sílim go bhfuil sé in am athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht Craolacháin agus dualgas sonrath a chur ar chraoltóir amháin.

Tuairisceoir:

Deir Cathaoirleach Chomhchoiste Oireachtais na Gaelainne, Gaeltachta agus na nOileán, an Teachta Dála Catherine Connolly, go mbeifear ag tabhairt cuireadh do RTÉ teacht os a gcomhair arís.

Catherine Connolly:

Níl aon éalú óna gconclúid agus ba mhaith liom, ba mhaith leis an Coiste na conclúid sin a phlé leis an mbainistíocht shinsearach agus beidh siad ag teacht os ár gcomhair cinnte. Tá muidne mar Coiste Gaeilge, Gaeltachta agus na nOileán ar tí tuarascáil a fhoilsiú freisin agus an conclúid céanna againn sa tuarascáil sin.

Éamon Ó Cuív:

'Nois ina thuarascáil bhliantúil ...

Tuairisceoir:

D'ardaigh an Teachta Dála Éamón Ó Cuív an scéal sa Dáil inniu. Mhínigh sé gur cheart sciar don airgead a thugann an stát do RTÉ a chóimeád siar go dtí go gcomhlíonfaidh RTÉ a ndualgais reachtúla, a deir sé. Mar fhreagra dúirt an tAire Cumarsáide Richard Bruton leis go mbeidh súil ghéar á choimeád aige ar chúrsaí.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4

Láithreoir:

Agus liom anseo sa stiúideo tá an Coimisinéir Teangan, Rónán Ó Domhnaill, do chéad fáilte romhat, a Choimisinéara.

Rónán:

Go raibh maith a't Eimear.

Láithreoir:

Anois tá go leor cainte déanta faoin ngéarán seo atá déanta ag d'Oifig faoin laghad cláracháí Gaeilge atá ag RTÉ. Anois sa ráiteas a bhí ag RTÉ, thosaigh siad, ar ndóigh, an méid atá siad ag déanamh i dtaobh na Gaeilge agus tá go leor tagairtí déanta acu go na forbairtí nuálaíochta seo atá ar bun acub, 'sé sin an soláthar digiteach, an léir, a Rónáin, go bhfuil míthuiscint ar RTÉ faoi na dualgaisí atá orthu faoin Acht Craolacháin?

Rónán:

Ní fhéadfadh aon mhíthuiscint a bheith ar RTÉ faoi na dualgais, mar tá sé leagtha amach go soiléir san imscrúdú atá déanta agam faoi na dualgais atá orthu. An ról atá a'msa mar Choimisinéir Teanga ná monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht teanga agus mar chuid dhó sin tá imscrúdú déanta ar RTÉ, tá sé leagtha amach go soiléir an dualgas atá orthu agus is maith ann, mar a dúirt tú, na leithéidí ó thaobh cúrsaí digiteacha agus a leithéidí sin.

Laithreoir:

Ach an mbaineann an tAcht go sonrath le cláracháí teilifíse agus ní soláthar digiteach?

Rónán:

Sin go díreach é, tá sé breá soiléir san Acht fhéin go gcaithfidh RTÉ réimse cuimsitheach cláir teilifíse a chur ar fáil i nGaeilge agus raidió. Ach, baineann an fionnachtain atá déanta ina gcoinne anseo le cúrsaí teilifíse agus rinne muid iniúchadh ar an méid cláracháí a craoladh ar RTÉ i 2017. Agus léiríodh ansin, agus tá sé deacair é a chreidiúint ar bhealach, go raibh sé chomh híseal le 0.7%, bhí gnéithe áirithe nach raibh á chraoladh, nach raibh aon chláracháí ann ar chor ar bith ar nós cúrsaí reatha agus tá sé ráite go sonrath sa reachtaíocht go gcaithfidh RTÉ cláracháí nuachta agus cúrsaí reatha a chraoladh ar stáisiúin teilifíse an chomhlachta agus níl sin ag tarlú - ceol, siamsaíocht, drámaíocht, 0% nó b'fhéidir 0.2%, tá sé easnamhach ar fad agus an rud atá ag tarlú ná go bhfuil an Ghaeilge á imeallú agus á bhrú...ag...go dtí...amach ó na príomh cainéil teilifíse...

Láithreoir:

Sea go dtí TG4...

Rónán:

...agus is chuige sin a bhí an reachtaíocht dréachtaithe, scríobhadh an reachtaíocht le cinntiú nach dtarlódh sé sin agus an dualgas atá ar RTÉ anois ná thíocht ar ais a'msa ag tús mí Meitheamh le plean ina léireoidh siad cén chaoi go bhfuil sé i gceist acu an dualgas seo a chomhlónadh amach anseo.

Láithreoir:

Agus céard go díreach sa bplean sin a bheadh sásúil dhuitse, a Rónáin, ó thaobh aschur na gcláracháí Gaeilge?

Rónán:

Go mbeadh chuile genre atá RTÉ ag déanamh cláracháí ann, na cinn a luaigh mé roimhe seo, chuile gné dhon saol, go mbeadh cláracháí Gaeilge cuimsitheacha le feiceáil ansin ar chuile gné don saol agus tá sé sin tugthaí le fios sa reachtaíocht, tugann siad cur síos ar céard 'tá i gceist le réimse cuimsitheach, luann siad cúrsaí reiligiúnda, cúrsaí spóirt agus a leithéidí sin. Agus an rud atá ag teastáil ná go mbeadh na gnéithe sin ar fad á chlúdach i mBéarla agus i nGaeilge. An rud atá ag tarlú faoi láthair ná go bhfuil siad á chlúdach i mBéarla amháin, os

cionn 99% de na cláracháí teilifíse ar RTÉ i mBéarla amháin. Níl sé sin...ní féidir glacadh leis sin agus tá sé ag sárú na reachtaíochta.

Láithreoir:

An mbeadh tusa ag súil le céatadán faoi leith mar sin ó thaobh líon na gcláracháí Gaeilge anois, má tá sé ag 0.7% mar a bhí i 2017, céard a bheadh uaitse ó RTÉ nuair a chuirfidh siad an plean os do chomhair?

Rónán:

An rud atá uaim ná go léireoidh RTÉ cén chaoi a bhfuil sé i gceist acu cur leis an céatadán ar bhealach córasach, ar bhealach cuimsitheach agus ar bhealach go méadófaí líon na gcláracháí ar na cainéil de réir a chéile, níl céatadán leagtha síos sa reachtaíocht fhéin ach rud amháin atá iomlán cinnte ná nach leor 0.7%, agus go gcaithfear cur leis sin go mór agus é a dhéanamh de réir a chéile chun a chinntiú go mbeidh chuile ghné, mar a dúirt mé, de chláracháí a bhíonn's á dhéanamh, go mbeidh cláracháí Gaeilge mar chuid dhóibh sín chomh maith.

Láithreoir:

Tá muid a' rith amach as am anois, a Rónáin, ach ar deireadh tá ceapachán mór faighte ag Séan Ó Cuirreáin, an t-Iar Coimisinéir Teangan.

Rónán:

Tá. Ainmníodh é inniu mar...ar chomhairle Stáit an Uachtaráin agus tréaslaím a ghradam leis thar mo cheann fhéin agus thar cheann m'Oifig, is onóir mhór dhó é agus dá theaghlach agus guím gach rath air. Go n-éirí go geal leis.

Láithreoir:

Go raibh míle maith a't Rónán Ó Domhnaill faoi thíocht isteach sa stiúideo tráthnóna.